

G A I L E A R A Í N Á S I Ú N T A N A H É I R E A N N

NATIONAL GALLERY *of* IRELAND



T U A R A S C Á I L B H L I A N T Ú I L 2 0 0 7

A N N U A L R E P O R T 2 0 0 7

GAILEARAÍ NÁSIÚNTA NA HÉIREANN

Bunaíodh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann le hAcht Parlaiminte i 1854 agus d'oscail sé don phobal i 1864. Sealbhaíonn an gailearaí thart ar 13,000 earra: os cionn 2,500 olaphictiúr, agus 10,000 saothar i meáin éagsúla lena n-áirítéar uiscedhathanna, tarraigtí, priontá agus dealbhóireacht. Réimsíonn dátaí na saothar ón gceathrú haois déag chuig an lá atá inniu ann agus i gcoitinne léirítéar forbairt na mór-scoileanna péinteála san Eoraip: Scoileanna na Breataine, na hOllainne, Pléimeannach, na Fraince, na hIodáile, na Spáinne agus na hÍsiltíre, á gcomhlánú ag bailiúchán cuimsitheach d'ealaín na hÉireann.

Ráiteas Misin

An cuspóir atá ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann ná chun an bailiúchán náisiúnta a thaispeáint, a chaomhnú, a riadaradh, a léirmhíniú agus a fhorbairt; taitneamh agus meas na hamharcealaíona a fheabhsú agus saol cultúrtha, ealaíne agus intleachtúil na glúine eiseach agus na glúine todhchaíocha a shaibhriú.

THE NATIONAL GALLERY OF IRELAND

The National Gallery of Ireland was founded by an Act of Parliament in 1854 and opened to the public in 1864. It houses some 13,000 items: over 2,500 oil paintings, and 10,000 works in different media including watercolours, drawings, prints and sculpture. The works range in date from the fourteenth century to the present day and broadly represent the development of the major European schools of painting: British, Dutch, Flemish, French, German, Italian, Spanish and Netherlands, complemented by a comprehensive collection of Irish art.

Mission Statement

The purpose of the National Gallery of Ireland is to display, conserve, manage, interpret and develop the national collection; to enhance enjoyment and appreciation of the visual arts and to enrich the cultural, artistic and intellectual life of present and future generations.

Cover

Johann Zoffany (1733-1810)

Portrait of George Fitzgerald with his sons George and Charles, c.1764

Oil on canvas, 98.5 x 123.5cm

Presented, John and Bernie Gallagher, (Heritage Gift), December 2007

NGI 2007.76

GAILEARAÍ NÁSIÚNTA

NA HÉIREANN

NATIONAL
GALLERY
of IRELAND

TUARASCÁIL

BHLIANTÚIL 2007

A N N U A L

R E P O R T

2 0 0 7



EXHIBITION

Visitor numbers to the exhibition Paintings from Poland: Symbolism to Modern Art (1880–1939) were 47,300, with Polish visitors accounting for 29% of the attendance.

CONTENTS CLÁR

- 4 Board of Governors and Guardians *Bord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí*
- 5 Chairman's Remarks *Ráitis an Chathaoirligh*
- 11 Director's Review *Athbhreithniú an Stiúrthóra*
- 25 Curatorial Feighlíocht
- 26 Acquisitions *Gnóthachtálacha*
- 31 Loans to Temporary Exhibitions *Iasachtaí chuig Taispeántais Sealadacha*
- 39 Exhibitions *Taispeántais*
- 45 Conservation *Caomhnú*
- 49 Library & Research Services *Seirbhísí Leabharlainne & Taighde*
- 55 Education *Oideachas*
- 67 Development & Events *Forbairt & Imeachtaí*
- 69 Visitor Services *Seirbhísí Cuairteora*
- 71 Friends *Cairde*
- 77 Publications & Retail *Foilseacháin agus Miondíol*
- 77 Gallery Publications *Foilseacháin an Ghailearaí*
- 79 Books & Articles published by Gallery staff *Leabhair agus Ailt foilsithe ag Foireann an Ghailearaí*
- 80 Conference Papers & Lectures *Léachtaí & Páipéis Chomhdhála*
- 85 Consolidated Financial Statements 2007 *Ráitis Airgeadais Chomhdhlúithe 2007*
- 111 Patrons of Irish Art *Pátrún d'Ealaón na hÉireann*
- 111 Corporate Members *Baill Chorparáideacha*
- 113 Staff *Foireann Oibre*

BOARD OF GOVERNORS AND GUARDIANS BORD NA NGOBHARNÓIRÍ AGUS NA GCAOMHNÓIRÍ

APPOINTED BY THE GOVERNMENT

Chairman

Mr Lochlann Quinn

Vice-Chairman

Dr Anthony Scott (RDS)

Ms Pauline Bewick

Dr Abdul Bulbulia

Dr Anthony Cronin

Desmond FitzGerald, Knight of Glin

Dr Patrick Fottrell

Ms Loretta Brennan-Glucksmann

Mr Bernard McNamara

CEAPTHA AG AN RIALTAS

Cathaoirleach

An tUasal Lochlann Quinn

Leas-Chathaoirleach

An Dr Anthony Scott (RDS)

Pauline Bewick Uasal

An Dr Abdul Bulbulia

An Dr Anthony Cronin

Desmond FitzGerald, Ridire an Ghleanna

An Dr Patrick Fottrell

Loretta Brennan-Glucksmann Uasal

An tUasal Bernard McNamara

NOMINATED BY THE ROYAL HIBERNIAN ACADEMY (RHA)

Mr Brett McEntagart RHA

Mr Stephen McKenna PRHA

Mr Andrzej Wejchert RHA

AINMNITHE AG AN ACADAMH IBERNACH RÍOGA (RHA)

An tUasal Brett McEntagart RHA

An tUasal Stephen McKenna PRHA

An tUasal Andrzej Wejchert RHA

EX-OFFICIO

Commissioner, Office of Public Works

Mr Sean Benton

President, The Royal Dublin Society

Dr Anthony Scott

Vice President, The Royal Dublin Society

Mr Fonsie Mealy

President, Royal Irish Academy

Professor James A. Slevin

DE BHRÍ OIFIGE

Coimisinéir, Oifig na nOibreacha Poiblí

An tUasal Sean Benton

Uachtaráin, Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath

An Dr Anthony Scott

Leas-Uachtaráin, Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath

An tUasal Fonsie Mealy

Uachtaráin, Acadamh Ríoga na hÉireann

An tOllamh James A. Slevin

Chairman's Remarks

Ráitis an Chathaoirligh



Since 1999 the Board has been promoting the delivery of a Master Development Plan (MDP) to address both the deficiencies in the fabric of the historic buildings, the earliest of which dates to 1864 and the development of additional accommodation for staff and operations including new galleries for a growing collection. Critical to the realization of this landmark project is the provision of adequate funding. I am pleased to report that in January of this year, John O'Donoghue TD, Minister for Arts, Sport and Tourism, announced that €45million has been earmarked for this landmark project through the National Development Plan (NDP 2007-2013).

An equally welcome announcement with respect to the fortunes of the MDP was the appointment of the design team. Late in 2006 the Office of Public Works (OPW) initiated a selection process to appoint architects and consultancies to the project. In November 2007 the young Dublin-based practice of Heneghan + Peng was appointed as the chosen design team with OPW architectural services selected as the practice to advise on the conservation aspects of the programme. Davis Langdon Partners have been selected as the Quantity Surveyors. With all of the key members of the team in place it is now full speed ahead with the design process, with a view to submitting for planning by the end of 2008.

In response to Government policy a key objective of the design team will be to enhance the energy efficiency of the institution, something which is currently being managed with some success within the existing structures. In June the Board had the opportunity to assess progress in this area with the completion of a report on energy consumption, charting the variations over a four

Ó 1999 tá an Bord ag cur chun cinn seachadadh Máistirphlean Forbartha (MDP) chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh i gcreatlach na bhfoirgneamh stairiúla, an ceann is túisce ag teacht ó 1864 agus forbairt chóiríocht bhereise d'fhoireann agus oibríochtaí agus gailearaithe nua le haghaidh bailiúchán méadaitheach. Tá soláthar maoiniú leordhóthanach ríthábhachtach chun an tionscadal suntasach seo a chur i gcrích. Tá áthas orm é a thuairisc gur fhógair, John O'Donoghue TD, Aire Ealaíona, Spóirt agus Turasóireachta in Eanáir na bliana seo go raibh €45 milliún curtha in áirithe don tionscadal suntasach seo trí an Plean Forbartha Náisiúnta (PFN 2007-2013).

Bhí an fháilte chéanna roimh fhógaírt maidir le rathúlacht an MDP faoi cheapachán foireann dheartha nua. Go déanach i 2006 thosaigh Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) ar phróiseas roghnúcháin chun ailtírí agus comhairleachtaí a cheapadh don tionscadal seo. I Samhain 2007, ceapadh an eagraíocht nua Heneghan + Peng, atá bunaithe i mBaile Átha Cliath mar an bhfoireann dheartha roghnaithe le haghaidh seirbhísí ailtireachta an OPW, roghnaithe mar an gcleachtas chun comhairle a thabhairt ar ghnéithe caomhnaithe an chláir. Roghnaíodh Davis Langdon Partners mar na Suirbhéirí Cainníochta. Leis na príomhbhaill den fhoireann i láthair beidh an próiseas deartha faoi lán seoil d'fhoí cur isteach ar an bpleanáil roimh dheireadh 2008.

Ag freagairt le polasaí an Rialtais beidh sé mar phríomhchuspóir don fhoireann dheartha éifeachtúlacht fuinneamh na hinstiúide a fheabhsú, rud atá á bhainistiú faoi láthair le rath laistigh de na struchtúir reatha. I mí Meitheamh bhí an deis ag an mBord chun dul chun cinn a dhéanamh sa réimse seo le críochnú tuarascála ar úsáid fiannimh, ag rianú

CHAIRMAN'S REMARKS RÁITIS AN CHATHAOIRLIGH

year period (2003-2006). Since 2003 there has been a 31% reduction in electrical usage, with a similar reduction (27%) in gas consumption. With the opportunity to install more efficient systems there is scope for more substantial savings, something which will benefit the environment and contribute to substantial cost savings.

In the meantime considerable progress has been achieved in respect of the refurbishment of No 5 South Leinster Street, the run down property acquired by the Gallery in 1995. For virtually the entire period since then the semi-derelict structure has been masked by a temporary hoarding which detracted from the appearance of the Millennium Wing. The imminent completion of this project, which is being managed by the Office of Public Works, is timely as there is growing pressure on accommodation within the institution.

In all of these matters the Board is conscious of its debt to the Office of Public Works which provides operational support for the management of its buildings. Over the past year the OPW managed a substantial series of interventions to ensure safety and to facilitate the needs of staff and public. A particularly notable contribution was the upgrading of the Conservation Department which had been experiencing considerable difficulties in its functions due to concerns about fire risk and ventilation as well as the deterioration in its accommodation.

Whilst the programming of the various activities within the Gallery reflects a primarily cultural agenda, there are times when the worlds of culture, social inclusion and diplomacy combine to provide something which put the Gallery's role in society in a new light. In this context two of the shows presented in the Millennium Wing had connotations beyond the purely cultural. At a time

na n-éagsúlachtaí thar tréimhse ceithre bliana (2003-2006). Ó 2003 bhí laghdú 31% in úsáid leictreachais le laghdú comhchosúil (27%) in úsáid gáis. Leis an deis chun córais éifeachtúla a chur isteach tá scóip ann le haghaidh coigiltis níos suntasaí a dhéanamh, rud a bheidh ar mhaithe leis an gcomhshaol agus cuirfidh sé le coigiltis chostais suntasacha.

Idir an dá linn, bhí roinnt dul chun cinn bainte amach maidir le hathchóiriú Uimh 5 Sráid Laighean Theas, an foirgneamh a fuair an Gailearaí i 1995 a raibh drochstaid air. Don chuid is mó den tréimhse ó shin, tá an struchtúr leath-thréigthe clúdaithe le mór-chlár sealadach a bhain ó chruth Sciathán na Mílaoise. Is tráthúil go bhfuil an tionscadal seo ar tí críochnú, críoch a bhfuil á bhainistiú ag Oifig na nOibreaca Poiblí, mar tá an brú ag méadú ar chóiríocht laistigh den institiúid.

Maidir leis na cúrsaí seo go léir tá a fhios ag an mBord an méid atá déanta ag Oifig na nOibreaca Poiblí dó, a chuireann tacaíocht oibriúcháin ar fáil do bhainistiú a bhfoirgneamh. Le bliain anuas rinne an OPW bainistíocht ar shraith suntasach d'idiirghabhálacha chun sábháilteacht a chinntí agus chun riachtanais na foirne agus an phobail a éascú. Rud suntasach a bhí déanta, ach go háirithe ná uas-ghrádú an Rannóg Chaomhnaithe a raibh deacrach-tá faoi leith ag baint lena cuid feidhmeanna de bharr ábhair imní faoi riosca dóiteáin agus aeráil chomh maith le meath a chóiríochta.

Cé go léiríonn sceidealú na ngníomhachtaí éagsúla laistigh den Ghailearaí clár folaigh cultúrtha don chuid is mó nuair a thagann an domhan cultúrtha, an domhan cuimsiú sóisialta agus taidhleoireachta le chéile chun rud éigin a sholáthar chun solas nua a chaitheamh ar ról an Ghailearaí sa tsochaí. Sa chomhthéacs seo, bhí níos mó ná cultúr amháin ag baint le dhá cheann de na seónna a léiríodh i Sciathán na Mílaoise. Ag am nuair atá pobail ag obair

CHAIRMAN'S REMARKS RÁITIS AN CHATHAOIRLIGH



President of Ireland, Mary McAleese, is introduced to Trustees of National Museums Northern Ireland as she arrives at the National Gallery of Ireland to launch the exhibition, Treasures from the North.



Séamus Brennan, TD, Minister for Arts, Sport and Tourism, launched the exhibition, Paintings from Poland on 17 October 2007. He is pictured on a tour of the exhibits led by Dr Dorota Folga Januszewska, Director for Research and Collections, National Museum in Warsaw (right), who curated the exhibition with Fionnuala Croke, Head of Exhibitions.

when communities both North and South of the border are working to establish a new and better relationship, *Treasures from the North*, which was opened on 14 March, provided a unique opportunity for visitors to enjoy iconic images from the Belfast institution's exceptional holding of Irish art. The 60 pieces on display from the Ulster Museum presented a visual panorama of a shared heritage as represented by artists who are household names throughout the island of Ireland. *Paintings from Poland*, on the other hand, bore witness to a much more recent phenomenon, the accession of the Polish state to the European Union and the consequential influx of tens of thousands of its citizens into Ireland. The show both introduced an outstanding aspect of Polish culture to an Irish audience whilst at the same time providing Polish émigrés with a sense of belonging in a foreign land, where familiar images of its proud traditions were on prominent display.

A most welcome development this year has been the increase in the Grant-in-Aid which funds the acquisition of paintings. For a number of years, ironically, the Gallery found it difficult to spend its

ó thuaidh agus ó theas den teorainn chun caidreamh nua agus níos fearr a bhunú, sholáthair *Treasures from the North*, a oscalaíodh ar 14 Márta deis faoi leith do chuaireoirí taitneamh a bhaint as íomhánna íocónacha de shealúchas faoi leith d'ealaín na hÉireann de chuid Institiúid Bhéal Feirste. Léirigh an 60 píosa a bhí á taispeáint ó Mhúsaem Uladh lánléargas físe d'oidhreacht roinnte mar a léiríodh trí ealaíontóirí a bhfuil a n-ainmneacha i mbéil an phobail ar fud oileán na hÉireann. Léirigh *Paintings from Poland*, ar an láimh eile, feiniméan i bhfad níos déanaí, nuair a glacadh leis an bPolainn isteach san Aontas Eorpach agus de bharr sin teacht mílte dá saoránach go hÉirinn. Thug an seo gné thar cionn de chultúr na Polainne isteach do lucht féachana Éireannacha agus ag an am céanna ag cothú braistint chomhuintearais idir imircigh ón bPolainn i dtír eachtrannach, ina raibh íomhánna comónta dá thraidiúin bhródúla á taispeáint go soiléir.

Forbairt a raibh an-fáilte roimpi i mbliana ná an méadú i nDeontas i gCabbair a chuireann maoiniú ar fáil chun pictiúir a ghnóthú. Le roinnt blianta, go híoróntha, bhí sé deacair ar an nGailearaí a Dheontas measartha a chaitheamh mar ní raibh sé leord-

CHAIRMAN'S REMARKS RÁITIS AN CHATHAOIRLIGH



ACQUISITION François Boucher (1703–1770), *A female nude reclining on a chaise-longue*, c.1752. NGI 2007.3

modest Grant as it was inadequate to secure works of real importance and in such circumstances the Board found it more prudent not to spend the grant on minor works. The increase to €3m has now made it possible to purchase pieces of real merit which appeal to the Gallery's public and enhance the reputation of the collection. This year the Board had the happy duty of approving a number of significant acquisitions, including paintings by Van Gogh, Renoir and Paul Henry and a very special drawing by Boucher with Irish associations.

An essential element in the Board's role in managing governance and oversight is the establishment of policies and standards which guide the development of the institution. In working to achieve higher levels of performance the Board welcomed the opportunity some years ago for the Gallery to secure accreditation under the new scheme operated by the Heritage Council. In

hóthanach chun saothair thábhachtacha a ghnóthú agus i gcúinsí dá leithéid mheas an Bord go raibh sé níos stuama an deontas a chaitheamh ar mhion-saothair. Tá sé indéanta anois de bharr an mhéadaithe go €3m, píosa fiúntacha a cheannach a thaitníonn le pobal an Ghailearaí agus a fheabhsaónn clú an bhailiúcháin. Bhí an dea-dhualgas ag an mBord i mbliana i bhfaomhadh roinnt gnóthachtálacha suntasacha lena n-áirítear pictiúir a rinne Van Gogh, Renoir agus Paul Henry agus pictiúir an-speisialta a rinne Boucher agus baint aige le hÉireann.

Is eilimint bunriachtanach é ról an Bhoird i mbainistiú rialachais agus maoirseoireachta ná bunú beartas agus caighdeán a thugann treoir d'fhorbairt na hInstitiúide. Ag obair chun leibhéal feidhmíochta níos airde a bhaint amach chuir an Bord fáilte roimh an deis don Ghailearaí roinnt blianta ó shin, creidiúnú a ghnóthú faoin scéim nua a oibríonn an

CHAIRMAN'S REMARKS RÁITIS AN CHATHAOIRLIGH

November of this year the institution was granted full accreditation under the Museum Standards Programme for Ireland after a lengthy process of assessment.

In line with Government Policy the Gallery reviewed its Statement of Strategy and brought it up to date to reflect current initiatives and objectives. This Statement which is available on the website will direct the focus of the institution's operations over the period 2007-2010.

Areas of operation which were the focus of particular deliberation by the Board over the past twelve months were Child Protection Policy and Guidelines, Risk Management and also Intellectual Property Rights. In addition, a review of the operation of the Friends was undertaken with a view to determining how this body should develop over the coming years. In this context, consideration was given to the operation of the Gallery's Volunteer Programme, which had heretofore been operated out of the Friends. Under the new guidelines, the Volunteers will now operate under the control of the Visitor Services Office, which has determined new protocols for this much valued service.

It is with much regret that I must record the death of our colleague, the eminent sculptor, Conor Fallon RHA, who served on the Board for just over three years before standing down to look after his ailing wife, the artist, Nancy Wynne-Jones.

Lochlann Quinn
Chairman

Chomhairle Oidhreachta. I Samhain na bliana seo, bronnadh creidiúnú iomlán ar an institiúid faoi Chlár Caighdeán an Mhúsaeim d'Éire tar éis próiseas fada measúnaithe.

Ag teacht le beartas an Rialtais, rinne an Gailearaí athbhreithniú ar a ráiteas straitéise agus thug sé cothrom le dáta é chun na tionscnamh agus na spriocanna reatha a léiriú. Díreoidh an Ráiteas seo atá ar fáil ar an láithréan gréasáin fócas oibríochtaí na hinstiúide thar an tréimhse 2007-2010.

B'íad réimsí oibríochtaí a bhí mar fhócas de dhíospóireacht shuntasach an Bhoird le bliain anuas ná Treoirlínte agus Beartas um Chosaint Leanaí, Bainistiú riosca agus Cearta Maoine Intleachtúla chomh maith. Ina dteannta sin, rinnéadh athbhreithniú ar oibríocht na gCairde d'fhoinn a dhéanamh amach conas a bhféadfadh an comhlacht seo a fhorbairt sna blianta atá romhaínn. Sa chomhtháacs seo, breathnáodh ar oibriú Chlár Dheonach an Ghailearaí a bhí á oibriú roimhe sin as na Cairde. Faoi na treoirlínte nua, oibreoidh na hOibrithe Deonacha faoi stiúir Oifig Seirbhísí an Chuairteora a chinntigh protácal nua don tseirbhís luachmhar seo.

Is oth liom a rá go bhfuil orm taifead a dhéanamh ar bhás ár gcomhghleacaí, an dealbhóir oirirc, Conor Fallon RHA, a d'fhreastail ar an mBord ar feadh níos mó na trí bliana roimh éirí as chun aire a thabhairt dá bhean chéile tinn, an t-ealaíontóir, Nancy Wynne-Jones.

Lochlann Quinn
Cathaoirleach

Director's Review

Athbhreithniú an Stiúrthóra



The past year has proved to be a very productive year for the National Gallery of Ireland, with a range of noteworthy achievements across the full spectrum of the institution's activities. From acquisitions to exhibitions to buildings to administration, all have witnessed significant development which bode well for the future.

Collection/Building

With the support of the Office of Public Works (OPW), steps were taken to provide a much needed increase in display space for the collection with the conversion to gallery use of the old shop adjacent to the Merrion Square entrance. For the time being this space will house the Yeats Museum prior to the provision of more generous accommodation which will be allocated as part of the Master Development Plan (MDP). The first display in the new gallery was *Masquerade and Spectacle: The Circus and the Travelling Fair in the Work of Jack B. Yeats*, an exhibition, which though small in scale, opened up new windows of light and understanding into the artist's life-long fascination with these staples of Irish life, particularly in rural communities, during the first half of the twentieth century.

With the transfer of the Yeats Museum to new quarters, the National Portrait Gallery reclaimed its original home on the ground floor of the Dargan Wing, where it was first displayed in 1875. This move will be of particular benefit for the presentation of full length portraits. Another element in the presentation of the collection that was revamped and relocated, was the display of the Gallery's European Paintings 1850–1950 which was installed in December, in Room 23, on the mezzanine level of the Dargan Wing.

Elsewhere, again with the support of the OPW,

Ba bhliain an-táirgeach í an bhliain seo caite do Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann le réimse d'éachtaí suntasacha trasna speictream iomlán ghníomhaíochtaí na hinstistiúde. Ó ghnóthachtálacha go taispeántais, go foirgnimh go riarrachán, tá forbairt shuntasach feicthe ag gach ceann diobh agus is dea-chomhartha é sin don todhcháí.

Bailiúchán/Foircneamh

Le tacaíocht ó Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), tógadh céimeanna chun méadú i spás taispeántais don bhailiúchán a sholáthar, le haistriú an tseansíopa gar do bhealach isteach Chearnóg Mhuirfean le haghaidh úsáid an Ghailearaí. Idir an dá linn, beidh Músaem Yeats sa spás seo roimh sholáthar cóiríochta níos fearr a leithdháilfear mar chuid den Mháistirphlean Forbartha (MDP). Ba é an chéad taispeántas sa Ghailearaí nua ná *Masquerade and Spectacle: The Circus and the Travelling Fair in the Work of Jack B. Yeats*, taispeántas a d'oscail, cé gur ar scála beag é, fuinneoga nua maidir le solas agus le tuiscint ar an tslí a bhí an t-ealaíontóir tógha ar feadh a shaol leis na príomhghnáithe seo de shaol na hÉireann, go háirithe i bpobal tuaithe, le linn an chéad leath den fhichiú aois.

Le haistriú Mhúsaem Yeats go foircneamh nua, ghabh an Gailearaí Portráide Náisiúnta ar ais a bhaile bunúsach ar urlár na talún de Sciathán Dargan, inar taispeánadh ar dtús é in 1875. Beidh an bogadh seo ar mhaithle le cur i láthair portráidí fad iomlán ach go háirithe. Ba í gné eile i gcur i láthair an bhailiúcháin a bhí athchóirithe agus athlonnaithe ná taispeántas de Phictíúir Eorpacha an Ghailearaí 1850–1950 a cuireadh isteach i Nollaig, i Seomra 23, ar leibhéal an idirurláir de Sciathán Dargan.

In áiteanna eile, arís le tacaíocht ón OPW,

DIRECTOR'S REVIEW ATHBHREITHNIÚ AN STIÚRTHÓRA



President McAleese previews *Treasures from the North*, led by exhibition curators, Dr Eileen Black and Anne Stewart of the Ulster Museum.

essential remedial work was carried out to the Conservation Department which was experiencing serious difficulties in maintaining a stable environment in addition to fire safety concerns and other operational issues. This project was carried out over a three month period during the summer and whilst it complicated the work of the department over this period, the benefits achieved were well worth the temporary inconvenience caused. In February, the OPW installed a central rail on the main staircase in the Millennium Wing in response to concerns about the steep flight of steps leading down to entrance level. Remedial work was also carried out on the stairwell of No 89 Merrion Square and work progressed with the refurbishment of No 5 South Leinster Street, which is scheduled for completion in 2008.

Exhibitions

The Exhibition Department's programme for the year had a significant diplomatic dimension. In March, President Mary McAleese officiated at the opening of *Treasures from the North: Irish Paintings from the Ulster Museum*. The opportunity to display the cream of the Ulster Museum's wonderful collection came about as a consequence of



On 17 July, Séamus Brennan, TD, Minister for Arts, Sport and Tourism, launched the exhibition, *Masquerade and Spectacle*, which was the first display in the new Yeats gallery.

rinneadh obair feabhas, don Rannóg Chaomhainithe a bhí deacrachartaí dáiríre aige i gcothabháil thimpeallacht sheasmhach i dteannta le hábhair inní i leith sábhalteachta dóiteáin agus saincheisteanna oibríochta eile. Cuireadh an tionscadal seo i gcrích thar tréimhse trí mhí le linn an tsamhraidh agus cé go ndearna sé níos casta obair na Rannóige sa tréimhse seo, ba fiú go mór na buntáistí a baineadh amach i gcomparáid leis an míchaoithiúlacht a braitheadh. I mí Feabhra, chuir an OPW ráille lárnach ar an bpriomh-staighre de Sciatáin na Mílaoise mar fhreagra ar na hábhair inní faoin rith staighre géar ag dul síos go leibhéal an bhealaigh isteach. Rinneadh obair feabhas chomh maith ar an staighre in Uimh. 89 Cearnóg Mhuirfean agus chuaigh an obair ar aghaidh le hathchóiriú Uimh. 5 Sráid Laighean Theas, a chríochnófar i 2008.

Taispeántais

Bhain gné shuntasach taidhleoireachta le clár de chuid Rannóg na dTaispeántas don bhliain. I mí Mártá, bhí an tUachtaráin Máire Mhic Giolla Íosa páirteach in oscailt *Treasures from the North: Irish Paintings from the Ulster Museum*. Tháinig an deis chun na rudaí is fearr i mbailiúchán iontach Mhúsaem Uladh a thaispeáint de bharr an clár

DIRECTOR'S REVIEW ATHBHREITHNIÚ AN STIÚRTHÓRA



Tim Cooke, Chief Executive, Museums Galleries Northern Ireland, with Raymond Keaveney, Director, at the exhibition, *Treasures from the North* which was viewed by some 64,000 visitors during its six month presentation in the Millennium Wing.

their current building programme which has meant that the collection has had to be dismantled to facilitate the project. The great strength of the Museum's holdings in Irish painting is concentrated in the work of twentieth century artists, and their temporary display in the Millennium Wing, where the Gallery's own collection of twentieth century Irish art is housed, provided lovers of Irish art with a unique opportunity to enjoy an exceptional presentation of works by some of the favourite artists, including Gerard Dillon, John Luke, Charles Lamb, and Basil Blackshaw. This collaboration follows on an earlier exchange in 2002, also the result of a building project, when the Gallery's wonderful collection of watercolours by JMW Turner was placed on loan at the Ulster Museum. Similar North/ South exchanges can be expected in the future as work on the MDP progresses.

Complementing the Ulster Museum's show devoted to our national cultural heritage was a major exhibition surveying Polish art, *Paintings from Poland: Symbolism to Modern Art (1880-1939)*, organised in cooperation with the National Museum in Warsaw. This exceptional event provided an opportunity to revisit – in more detail –



At a press photocall in August to announce AIB as corporate sponsors of the exhibition *Paintings from Poland* were (l/r): Eugene Sheehy, Chief Executive Officer, AIB, and H.E. Dr Tadeusz Szumowski, Polish Ambassador to Ireland.

tógála reatha agus bhí gá leis an mbailiúchán seo a bhaint anuas chun an tionscadal a éascú. Tá an láidreacht mhór i sealúchais an Mhúsaem maidir le péinteáil na hÉireann dírithe ar obair ealaíontóirí na fichiú haoise agus a dtaispeántas sealadach i Sciathán na Mílaoise, ina gcoimeádtar bailiúchán fén an Ghailearaí d'ealaín na hÉireann ón bhfichiú haois, agus sholáthair sé daoine le grá d'ealaín na hÉireann le deis faoi leith chun taitneamh a bhaint as saothair ar leith roinnt de na healaíontóirí is mó éilimh, lena n-áirítear Gerard Dillon, John Luke, Charles Lamb, agus Basil Blackshaw. Leanann an comhoibriú seo ar aghaidh ó mhalartú níos luaithe i 2002, de bharr tionscadal tógála chomh maith, nuair a tugadh bailiúchán iontach d'uiscedhathanna an Ghailearaí a rinne JMW Turner ar iasacht do Mhúsaem Uladh. Bheifí ag síul le malartuithe Thuaidh/Theas den chineál seo sa todhchaí faoi mar a leanann obair ar an MDP ar aghaidh.

Ag comhlánú le seo Mhúsaem Uladh a bhain lenár n-oidhreacht chultúrtha náisiúnta bhí taispeántas mór ag déanamh suirbhé ar ealaín na Polainne, *Paintings from Poland: Symbolism to Modern Art (1880-1939)*, eagraithe i gcomhar leis an Músaem Náisiúnta i Vársá. Chuir an ócáid faoi leith seo deis ar fáil chun athchuairt – níos mionsonraithe

DIRECTOR'S REVIEW ATHBHREITHNIÚ AN STIÚRTHÓRA

an aspect of European art which was first introduced to an Irish audience in 2004 when the Gallery organised *New Frontiers*. On that occasion, the exhibition presented a panoramic survey of the art of the ten new EU States. The exhibition allowed for a more thorough and comprehensive examination of a seminal period in the development of central European art. Most specifically, it demonstrated how Polish artists dealt with the parallel issues of relating the development of a national school of painting to a cosmopolitan European tradition whilst at the same time presenting a sense of rehabilitation of Polish history and identity. The 74 paintings on view, many regarded as national icons, presented a powerful and passionate articulation of these issues. A notable aspect of this exhibition was the Gallery's engagement with the Polish community in Ireland. To this end, the catalogue for the show contained a bilingual text in both English and Polish, whilst the audio-guide for the show was recorded in both languages. These initiatives were facilitated by the generous support of the Adam Mickiewicz Institute and AIB Bank.

Among the shows mounted in the Print Gallery was *Catching a Likeness*, which examined how portraits from the fifteenth to the twentieth centuries varied in relation to the prevailing artistic fashions, favoured styles, techniques and media. Idealised heads featured alongside truthful self-portraits, caricatures and experimental images indicative of how contemporary artists approach this demanding discipline which is torn between the multiple ambitions of being true to the physical likeness of the subject, revealing the deepest psychological insights and creating a work of aesthetic worth, true to the spirit of the age. In addition to works selected from the permanent

– a dhéanamh ar ghné d'ealaín na hEorpa a tugadh isteach ar dtús do lucht féachana na hÉireann i 2004, nuair a d'eagraigh an Gailearaí *New Frontiers*. Ar an ócáid sin, chuir an taispeántas suirbhé lánléargais faoi ealaín deich stát nua an AE i láthair. Cheadaigh an taispeántas scrúdú níos críochnúla agus níos cuimsithí de thréimhse bhunaidh i bhforbairt ealaín na hEorpa Láir. Go sonrach, léirigh sé conas a chuaigh ealaíontóirí na Polainne i ngleic le saincheisteanna comhthreoracha chun forbairt scoil náisiúnta péinteála a cheangal le traidisiún Eorpach iltíreach agus ag an am céanna ag léiriú braistint athshlánú de stair agus d'aitheantas na Polainne. Thaispeán an 74 pictiúr a bhí á taispeáint, a mheas a lán daoine gur íocóin náisiúnta iad, léiriú cumhachtach agus paiseanta de na saincheisteanna seo. Ba dhíol suntais é den taispeántas seo ná baint an Ghailearaí le pobal na Polainne in Éirinn. Chun na críche seo, bhí téacs dátheangach i mBéalra agus i bPolainnis sa chatalóg don seó, fad a taifeadadh an clos-treorach don seó san dá theanga. Éascaíodh na tionscnaimh seo trí thacaíocht fhlaithiúil an Adam Mickiewicz Institute agus Banc AIB.

I measc na seónna a taispeánadh i nGailearaí na bPriontaí bhí *Catching a Likeness*, a scrúdaigh conas a bhí portráidí ón gcúigiú haois déag go dtí an fichiú haois difriúil maidir leis na faisín ealaíonta a bhí chun cinn, na stíleanna ba mhó éilimh, teicníochtaí agus an meán. Bhí cinn idéalaithe taobh le fén-phortráidí, caracatúir agus íomhánna trialacha a léirigh conas a thugann ealaíontóirí comhaimseartha aghaidh ar an disciplín deacair atá stróicthe idir na hionchais iolracha a bheith fior do shamhail fhisiciúil an ábhair, a léiríonn na léargais shíceolaíochta is doimhne agus saothar a chruthú a bheadh fiúntach go haeistéitiúil agus fior do spiorad na haoise. I dteannta le saothair a roghnaíodh ón mbailiúchán buan agus ó iasachtaí ó institiúidí thar lear,

collection and loans from institutions abroad, the show featured images of a number of well known contemporary Irish artists who have engaged with the art of portraiture.

Loans

In addition to mounting exhibitions for its domestic public the Gallery also contributed to major shows abroad (see pages 31-38), making many of its most treasured masterpieces available to sister institutions. Whilst this practice means the temporary withdrawal of popular pieces from display, it facilitates reciprocal arrangements whereby key works from other collections are made available to our public in Merrion Square.

Acquisitions

A particularly noteworthy addition to the collection over the past year was *Rooftops in Paris* by Vincent Van Gogh (1853-1890), which was purchased at auction in London in February. In excellent condition, this small, unlined canvas was painted very shortly after the artist arrived in Paris in 1886. The composition shows the view over the city from the apartment in Montmartre which Van Gogh temporarily shared with his brother Theo at 54 rue Lepic, having moved there from the nearby rue Laval in June. The community of artists who inhabited the neighbourhood were among the most talented and avant-garde, and their influence on the artist was soon to manifest itself in a more brilliant palette and more adventurous use of paint, relinquishing the sombre tones of his earlier work.

In December, the Gallery was presented with an exceptional portrait group by Johann Zoffany (1733-1810) depicting George Fitzgerald of Turlough Park, Castlebar, with his two sons George and Charles. Painted circa 1764, the composition, of which there is another version,

bhí íomhánna ar an seo de roinnt ealaíontóirí Éireannacha comhaimseartha aitheanta a chuaigh i ngleic le healaín phortráidíochta.

Iasachtaí

I dteannta le taispeántais a thaispeáint dá phobal teaghláigh chuir an Gailearaí chomh maith le mórsheónna thar lear (féach leathanaigh 31-38), ag cur an-cuid dá sárshaothair is luachmhaire ar fáil do chomhinstiúidí. Cé go gciallaíonn an cleachtas seo go dtarraingítear siar píosaí móréilimh ón taispeántas, éascaíonn sé socruithe cómhalartacha ina gcuirtear príomhshaothair ó bhailiúcháin eile ar fáil dár bpobal i gCearnóg Mhuirfean.

Gnóthachtálacha

Píosa breise suntasach den bhailiúchán le bliain anuas ba ea *Rooftops in Paris* a rinne Vincent Van Gogh (1853-1890), a ceannaíodh ag ceant i Londain i mí Feabhra. I ndea-riocht, péinteáladh an canbhás beag seo, gan líne, go luath tar éis a bhog an t-ealaíontóir go Páras in 1886. Léiríonn an saothar an radharc os cionn na cathrach ón árasán i Montmartre a roinn Van Gogh go sealadach lena dheardáir Theo ag 54 rue Lepic, tar éis bogadh ann ó rue Laval, cóngarach leis i Meitheamh. Bhí an comhphobal ealaíontóirí a d'áitriugh an chomharsanacht i measc na gceann is cumasaí agus avant-garde, agus bhí a dtionchar ar an ealaíontóir ar tí é féin a léiriú i bpailéad níos lonraí agus in úsáid péinte níos spreagúla, ag éirí as toin gruama a shaothair níos túisce.

I mí na Nollag, bronnadh an Gailearaí le grúpa portráide faoi leith a rinne Johann Zoffany (1733-1810) ag léiriú George Fitzgerald ó Pháirc Thurlaigh, Caisleán an Bharraigh, lena bheirt mhac George agus Charles. Péinteáilte thart ar 1764, léiríonn an saothar, arna bhfuil leagan eile de ann, an t-aon choimisiún ag an ealaíontóir le haghaidh



John Marquis of Lansdowne
Copy Fabre Florence 1795

LOANS TO TEMPORARY EXHIBITIONS

To the exhibition 'François-Xavier Fabre: Retrospective'

at the Musée Fabre, Montpellier

François-Xavier Fabre (1766-1837)

John Henry, 2nd Marquis of Lansdowne

NGI 1970

DIRECTOR'S REVIEW ATHBHREITHNIÚ AN STIÚRTHÓRA

represents the artist's only known commission for an Irish patron. The youngest son, Charles Lionel, shown seated on his father's knee spent some time in India before inheriting the estate, Turlough Park, in 1786 (and probably this version of the painting).

A fascinating addition to the prints and drawings collection was *A female nude reclining on a chaise longue*, a small, preparatory sketch by François Boucher (1703–1770) for one of his most celebrated compositions, the erotic *Reclining Girl* (1752) in the Alte Pinakothek in Munich. Acquired at auction in New York, the subject reputedly represents Louise O'Murphy (1737–1814), who was mistress to Louis XV. The daughter of an Irish émigré, Daniel O'Murphy, who fled to France to escape political persecution, Louise is known to have modelled for the artist and was mentioned by Casanova in his memoirs.

A notable addition to the Gallery's distinguished holding of Irish paintings was *Early Morning in Connemara* by Paul Henry (1876–1958). The composition, which depicts Killary harbour, dates to 1920 and is an exceptionally fine example of the artist's ability to achieve tonal harmony, an exercise greatly influenced by his admiration for Whistler. In this masterful composition early morning light is conveyed through the use of a monochromatic, silvery palette which renders the majestic landscape in simple, almost silhouetted forms.

Website

A key initiative this year was the preparation of plans for the new Gallery website. The current facility, whilst providing the public with much useful information on the institution, is no longer considered adequate for today's needs. The new site will make use of the latest technology and most critically, will provide significantly more

patrún Éireannach. Chaith an mac is óige, Charles Lionel, atá le feiceáil ina shuí ar ghlúin a athar, roinnt ama san India sula ndeachaigh sé in oidhreacht ar eastáit Pháirc Thurlough, i 1786 (agus seans gur é sin an leagan seo den phictiúr).

Rud breise iontach do bhailiúchán na dtarraingtí agus na bpriontáí ba ea *A female nude reclining on a chaise longue*, sceitse beag réamh-ullmhúcháin a rinne François Boucher (1703–1770) do cheann dá shaothair is ceiliúrtha, an *Reclining Girl* earótach (1752) san Alte Pinakothek i München. Faighe ag ceant i Nua Eabhrach, léiríonn an t-ábhar Louise O'Murphy de réir tuairiscí (1737–1814), a bhí ina máistreás do Louis XV. Tá cáil ar iníon imircigh ó Éire, Daniel O'Murphy, a theith chun na Fraince d'fhoinn éalú ó ghéarleanúint pholaitiúil, tuigtear go raibh Louise mar chuspá don ealaíontóir agus í luaite ag Casanova ina chuimhní cinn.

Rud breise suntasach a cuireadh le sealúchas faoi leith an Ghailearaí de phictiúir Éireannacha ba ea *Early Morning in Connemara* a rinne Paul Henry (1876–1958). Tá baint ag an saothar, a léiríonn An Caoláire Rua leis an dáta 1920 agus is eiseamláir faoi leith é de chumas an ealaíontóra chun suaimhneas tonúil a bhaint amach, cleachtas a raibh go mór mór faoi thionchar a mheas ar Whistler. Sa saothar máistriúil seo, léirítéar solas luath na maidine trí úsáid pailéad airgid, monacrómatach, a thaispeánann an tírdhreach mórga i bhfoirmearcha simplí, scáthchrutha.

Suíomh Gréasáin

Ba phríomhthionscnamh é i mbliana ná an t-ullmhúchán pleannanna le haghaidh suíomh gréasáin nua an Ghailearaí. Ní mheastar go bhfuil an áis reatha, cé go soláthraíonn sí an-cuid eolais úsáideach faoin institiúid don phobal, leordhóthanach le haghaidh riachtanais an lae inniu. Bainfidh an suíomh nua úsáid as an teicneolaíocht is déanaí agus níos criticiúla,



ACQUISITION

Paul Henry (1876-1958)

Early Morning in Connemara (Killary Harbour)

NGI 2007.9

DIRECTOR'S REVIEW ATHBHREITHNIÚ AN STIÚRTHÓRA

information on the collection. It is intended, ultimately to document the complete holdings online together with access to library and archive resources. The project, which is scheduled to go to tender in 2008, will be managed on a phased basis, initially focusing on the works on permanent display and the prints and drawings collection.

Library & Research Services

As well as managing its routine operations of accessioning and cataloguing new publications and servicing readers, Library & Research Services devoted considerable time and energy compiling digitised records in preparation for the new website. In this context two substantial undertakings were embarked upon, namely the transcription onto the collection management system (TMS) of primary documentation about the collection recorded in the old Registers and the transcription of textual commentaries on the collection published in the School Catalogues. The Centre for the Study of Irish Art (CSIA) and the Yeats Archive continued to develop their resources and attract more and more interest from users.

Education

Throughout the year, Education managed an exceptionally busy schedule of activities to excite and engage the interest of the public. The department has calculated that over the course of the year it organised close to 2,000 activities catering for an audience of just over 60,000. Complementing the standard fare of lectures and tours were a range of special events designed to focus on a particular aspect of the Gallery's collection or on the particular needs of the institution's public, whether students, disadvantaged or senior citizens. A particularly noteworthy event was

soláthróidh sé méid eolais níos suntasaí ar an mbailiúchán. Tá sé i gceist acu go fadtéarmach, na sealúchais iomlán ar-líne a dhoiciméadú le chéile le rochtain ar acmhainní leabharlainne agus cartlainne. Déanfar bainistíocht ar an tionscadal, a bheidh ag lorg tairiscintí i 2008 ar bhonn céimíúil, ag díriú ar dtús ar na saothair atá á dtaispeáint go buan agus ar bhailiúchán na dtarraingtí agus na bpriontáí.

Seirbhísí Leabharlainne & Taighde

Chomh maith le bainistiú a ngnáthoibríochtaí chun foilseacháin nua a fháil agus a chatalógú agus seirbhís a sholáthar do léitheoirí, thug na Seirbhísí Taighde agus Leabharlainne an-cuid ama agus fuinnimh ag cur taifid dhigiteacha le chéile ag ullmhú don suíomh gréasáin nua. Sa chomhthéacs seo tugadh faoi dhá ghníomhaíocht suntasach, mar atá trascríobh ar an gcóras bainistíocha bailiúcháin (TMS) de cháipéisíocht bhunúsach faoin mbailiúchán a taifeadadh sna sean-Chláir agus trascríobh na dtráctaireachtaí téacsúla ar an mbailiúchán a foilsíodh i gcatalóga na scoile. Lean Ionad Staidéar Ealaíne na hÉireann (CSIA) agus Cartlann Yeats ar aghaidh lena n-acmhainní a fhorbairt agus chun spéis níos mó a n-úsáideoirí a mhealladh.

Oideachas

I rith na bliana, rinne Oideachas bainistiú ar sceideal imeachtaí a bhí an-gnóthach chun leas an phobail a ghríosadh agus a spreagadh. Tá an Rannóg tar éis a ríomh gur eagraíodh, thar tréimhse na bliana, nach mór 2,000 imeacht ag freastal ar lucht féachana de thart ar 60,000 duine. Ag comhlánú leis na ngnáthimeachtaí de léachtaí agus de thurais, bhí réimse imeachtaí speisialta á ndearadh chun fócas a dhéanamh ar ghné ar leith de bhailiúchán an Ghailearaí nó ar riachtanais ar leith phobal na hinstiúide, cé acu daltaí, daoine

DIRECTOR'S REVIEW ATHBHREITHNIÚ AN STIÚRTHÓRA



Artists and tutors of the Drawing Studies Course at the opening of a special exhibition in November to celebrate the work of students who attended the course from 1992 to 2007.

Ltr: Sahoko K. Blake, John Keating, Mick O'Dea, Una Sealy, James Hanley, Donald Teskey and Mary Avril Gillen.

the mounting of the exhibition, *Drawing Studies: A Celebration*, which was launched in November. Organised to celebrate fifteen years of drawing classes at the Gallery, the event presented work by 26 students alongside the works of many of the artists who had contributed to the programme over the years. Despite the amateur status of the participants the works on display were of a uniformly high quality and reflected positively on the merits and benefits of this now well-established element in the education diary. This year's annual Education Symposium focused on the topic of lifelong learning, an area of increasing importance for cultural institutions. Papers were delivered by an expert panel of speakers drawn from Ireland and abroad who attracted an audience of over 130 participants to the event.

Development & Events

The Development & Events Office worked closely with different departments throughout the year in sourcing funding and coordinating special programmes as well as marketing. Working in a difficult environment the office was successful in securing support for a number of key activities,



Celebrated clarinettist, Carol McGonnell, (2nd from right) with members of New York based group, Metropolitan Museum Artists in Concert who participated in Music for Museums organised by the Gallery in collaboration with sister institutions in the United States. Ltr: Jeremy Denk, Jennifer Frautschi, Edward Arron and Colin Jacobsen.

faoi mhíbhuntáiste nó seanóirí a bheadh ann. Ba dhíol suntais é mar imeacht ná cur i láthair an taispeántas *Drawing Studies: A Celebration*, a seoladh i mí na Samhna. Eagraithe chun cúig bliana déag de ranganna tarraingthe sa Ghailearaí a cheiliúradh, chuir an ócáid obair ó sé dhalta is fiche i láthair, taobh le saothair ó an-cuid ealaíontóirí a chuir leis an gclár thar na blianta. In ainneoin stádas amaitéarach na rannpháirtithe, bhí na saothair a bhí á dtaispeáint go léir ar ardchaighdeán agus thug siad léiriú dearfa d'fhiúntais agus de bhuntáistí eilimint na dialainne oideachais atá bunaithe go maith faoin am seo. Dhírig Siompóisiam Oideachais bliantúil na bliana seo ar an topaic, foghlaim ar feadh an tsaoil, réimse atá ag méadú ó thaobh tábhacht de le haghaidh institiúidí cultúrtha. Thug sain-phainéal cainteoirí ó Éire agus thar lear páipéis agus mheall siad lucht féachana de 130 rannpháirtí don ócáid.

Forbairt & Imeachtaí

D'oibrigh an Oifig Forbartha agus Imeachtaí go dlúth le rannóga difriúla i gcaitheamh na bliana ag iarraidh maoiniú a aimsiú agus cláir speisialta a chomhordú chomh maith le margáiocht. Ag obair i dtimpeallacht dhifriúil bhí rathúlacht ar an oifig

DIRECTOR'S REVIEW ATHBHREITHNIÚ AN STIÚRTHÓRA

including two of the three high-profile exhibitions in the Millennium Wing. Additional revenue was generated through the hiring out of facilities for corporate functions, a practice which also helps to introduce new audiences to the Gallery. The office was closely involved in the management and promotion of the Gallery's contribution to Dublin Culture Night which took place in September and attracted a healthy attendance of some two and a half thousand visitors.

A new initiative this year marked a departure from previous practice. Traditionally the Gallery has made its Shaw Room available to third parties for hosting functions and music events. This year, with the celebrated clarinettist Carol McGonnell as artistic director, it embarked on organising its own musical programme, *Music for Museums*, a new initiative which promoted collaboration between the Gallery and sister institutions in the United States. Over the course of its first season this involved performances in Dublin, New York, Boston and Los Angeles. Whilst attendance figures were modest, given that the series has not yet established its credentials, the performances were exceptional, involving some of most talented young musicians on either side of the Atlantic. All the musicians noted the excellence of the Shaw Room for recitals. It is intended that this very special project will become a standard fixture in the Gallery's programme of events. Other concerts in the Shaw Room included performances by the RTÉ Vanbrugh Quartet, the National Chamber Choir, the Irish Baroque Orchestra, the London Irish Camerata and the Concorde Contemporary Ensemble.

The marketing of these programmes and

chun tacaíocht a fháil i roinnt príomhghníomhaiochtaí lena n-áirítear dhá cheann as trí thaispeántas ardphróifil i Sciathán na Mílaoise. Gineadh ioncam breise trí shaoráidí a fhriliú le haghaidh imeachtaí corporáide, cleachtas a chabhraíonn chomh maith le lucht féachana nua a thabhairt isteach chuig an nGailearaí. Bhí dlúthbhaint ag an oifig i mbainistíocht agus i gcur chun cinn an méid a chuir an Gailearaí le Dublin Culture Night a bhí ar siúl i Meán Fómhair agus a mheall lucht féachana suntasach de thart ar dhá mhíle cúig chéad cuairteoir.

